

Sound & Vision

Tuarascáil Bhliantúil 2007

Scéim Míomúcháin Craoltoireachta
Sound & Vision



Sound & Vision
Broadcasting Funding Scheme

Sound & Vision

Annual Report 2007



Contents

Report 2007	3
Television	5
Radio	11
Special Schemes Funding	13
Industry Relationships	17



Report 2007

2007 marked the second full year of operation of *Sound & Vision*, the Broadcasting Funding Scheme. Having operated two funding rounds for radio and television in the course of 2006, there was much to be learned from the experience. In 2007 radio and television rounds were separated out, which facilitated a quicker turnaround time, to the benefit of producers and broadcasters alike.

From an application perspective it was an exceptionally busy year. Decisions on three radio and two television rounds were announced in 2007, with a further decision for round 6 in television expected in early 2008. 622 applications were received and assessed during the course of the year and just under €21million was allocated to radio and television programmes covering the general themes of Irish culture, heritage and experience; adult literacy; and such programmes in the Irish language.

In all, since the Scheme's inception, €46.2m has been allocated in funding, for the production of 490 radio and television projects, which meet the criteria of the scheme. This report gives a short overview of the work undertaken in 2007, in managing each of the elements of *Sound & Vision*, the Broadcasting Funding Scheme.



Jack Doyle: A Legend Lost, Mint Productions

Television

Of the 252 applications received for television in 2007, almost one third were for Irish or bilingual programmes, covering a wide variety of genres. Documentary programmes continued to represent the largest number of those received, with historical documentaries to the fore within this genre. Other substantial allocations included drama/feature, entertainment/magazine programmes, animation and drama series.

Funding Highlights

From a funding perspective, there were a number of projects of note: 'Ballybraddan', a bilingual children's animation series; 'An G-Scéal', a history of the Irish language and; 'The Bureau', a profile of the Criminal Assets Bureau. Other notable productions included 'Winning Women'; a profile of young Irish sportswomen and 'Northside Focus'; a local magazine style series for Dublin.

Four of the feature films which received funding in 2007 also began production this year: 'Kisses', 'Alarm', 'The Daisy Chain' and 'Hunger'. These productions will have a theatrical and broadcast release during 2008.

Broadcast Highlights

Some of the broadcast highlights of 2007 included ‘The Running Mate’, an Irish language political drama series, which received numerous nominations for the 2008 Irish Film and Television Awards (IFTA’s). “Cré na Cille”, a feature film based on Máirtín Ó Cadhain’s novel, had its television world premiere on TG4 on St. Stephen’s day 2007. The second series of “Aifric”, the acclaimed Irish language drama, commenced broadcasting in Autumn 2007, while the first series of this teen soap continued to attract many awards at various festivals throughout the year including an IFTA for the best children’s/youth programme.

Other notable broadcasts in 2007 included the pre-school animation series ‘Fluffy Gardens’; ‘Red Mist’, a documentary about Ireland’s Saipan experience and; ‘Grassroots of the GAA’, a 6 part series on the local appeal of the association.

Festivals & Awards

Many documentaries funded by *Sound & Vision* were featured at key Irish documentary festivals in Ireland, including the Guth Gafa documentary film festival in Donegal, and the Stranger than Fiction Festival in Dublin. ‘Ar Lorg Shorcha’, an arts documentary based upon the life of singer/writer SORCHA NÍ GHUAIRIM, received the television programme of the year award at Oireachtas na Gaeilge, while ‘Fear Na nOileán’ won the Spirit of the Festival award at the Celtic Media Festival. Three documentary programmes supported by *Sound & Vision* formed part of the Arts Lives strand on RTÉ during the year.

Four feature films which received support from *Sound & Vision* were released in 2007 and went on to win numerous awards. ‘32A’, a film following the story of a young girl’s coming of age, was voted best First Feature Film at the Galway Film Fleadh. ‘Garage’, a tragic comedy starring Pat Shortt and set in a small midlands village, has won numerous international awards, including the CICA Award at the Director’s Fortnight at Cannes. “Kings”, the story of a group of Irish

speaking men from Connemara who emigrated to London, was officially selected for submission to the 80th Academy Awards for the ‘Best Foreign Language Film’ category.

Television Funding-facts and figures

Documentary programmes continue to be the most popular genre for television, with almost 60% of funding allocated to documentaries during 2007, addressing the themes of history and heritage, music, nature, the arts, biography and culture.

An important aspect of the 2007 funding decisions was the continued support provided through the *Sound & Vision* scheme for the production of animated programming. The BCI understands the significantly higher costs associated with this genre and was pleased to provide funding of €1.3m to the genre. Another welcome aspect has been the increased appearance of animated programming now generated in Ireland and also in the Irish language.

The film sector was strongly supported through the Scheme, with seven of the fifteen proposals received during the year receiving funding support in excess of €2m; 15% of the total allocation across two rounds, in 2007.

34% of the television programmes funded were bi-lingual or in the Irish language, which is a very positive development and marks an increase on 2006 while, at the same time, broadening the appeal of the language through quality programme making.

An interesting development during 2007 has been the steady increase in the number of broadcasters accessing the fund, with a total of eight broadcasters providing letters of commitment for 100 programmes which received funding support. These programmes have been and will be available on free-to-air basis for Irish viewers. A further key development, from a broadcaster perspective


during the 2007, was the provision of funding support for community television services. Fourteen programmes on two community television services received support, and while neither station was yet on air, the funding provided enabled programme-making which will support the development of this important part of the television sector.

One notable aspect of 2007, which will be significantly different from future funding rounds, is the actual levels of funding which were allocated to TV and radio. Since the Scheme’s inception, there has been a backlog of available funding, which has accounted for the high levels of funding allocated to a large number of applications in each round. By the end of 2007, this backlog had been cleared and this will undoubtedly impact on the level of available funding for future rounds.

Table 1 – Funding for Television

Television	Applications received	Funding Sought	Successful applications	Funding Awarded
Round 3	131	€47.8m	45	€9.49m
Round 4	121	€34.7m	55	€8.7m
Total	252	€82.5m	100	€18.19m





Ar Lorg Shorcha, Eo Teilifís

Radio

The radio industry continued to engage strongly with the scheme in 2007 submitting a total of 370 applications. Documentaries accounted for 75% of the total number of projects funded. The high demand for this genre is primarily due to its fit with the objectives of the Scheme and the schedules of broadcasters. The balance of the remaining of applications included radio drama, factual and children's programmes. Overall, radio productions received 13% of all funding awarded in 2007.

In general terms, the ratio of television to radio funding per round has averaged out at approximately 9:1. This is reflective of the costs associated with production in each sector and is linked to the budget proposals received for projects.

Highlights & Awards

Programmes funded by the Scheme attracted very positive reviews and a number of awards in 2007. The Radio Kerry produced 'From Heartache to Hope – The Story of the Jeanie Johnston', scooped best radio drama at the PPI Radio Awards, while 'The Glass: One Big Blow', by WLR FM was nominated in the speech-based documentary category. 'Home from Home', a project by Sound Woman Productions, was also broadcast as part of the Earagail Arts Festival in Co. Donegal.

Radio Funding-facts and figures

While documentary programmes continue to be the dominant genre receiving funding from the BCI *Sound & Vision* scheme in 2007 the statistics mask the variety of programming within the documentary category with themes as diverse as the arts, history, nature, music, and biography, all catered for.

2007 also saw an increase in children’s programming, when compared with 2006, with 5.2% of the total fund being allocated to four programmes in this genre. Similarly, radio drama featured strongly, with 11.3% of the total fund being used to support 29 new programmes.

From a broadcaster perspective, there was a significant uptake of the fund from the commercial stations at national, regional and local level, as well as from the community stations. These broadcasters accounted for 86% of those who gave letters of commitment to broadcast programmes funded by *Sound & Vision*, with the remaining 14% being made up of public service and other broadcasters.

A key European Commission requirement of the scheme is that 25% or more of all programmes funded are in Irish or bi-lingual. This percentage is calculated across the year and incorporates radio and television. From a radio perspective, 13.7% of programmes funded were bi-lingual or in the Irish language.

Table 2 – Funding for Radio

Radio	Applications received	Funding Sought	Successful applications	Funding Awarded
Round 3	137	€3.23m	75	€1.14m
Round 4	116	€2.23m	70	€954k
Round 5	117	€2.02m	60	€706k
Total	370	€7.48m	205	€2.8m

Special Schemes Funding

The Broadcasting Funding Scheme also makes provision for the funding of Special Schemes, outside of regular *Sound & Vision* funding rounds. Special Schemes funding has been in place since September 2006 and initiatives funded must meet with a range of objectives. These include the provision of programming which is in accordance with the primary *Sound & Vision* scheme. There is also an emphasis on building strong links with the broadcasting sector and with other public service agencies, while fostering industry development. A final objective of the Special Schemes funding is that it contains sufficient flexibility in order to respond effectively to the needs of the broadcasting sector. 5% of the total *Sound & Vision* fund per year is available to support Special Schemes. To date five Special Schemes have received funding.


UAIR, a joint TG4 and Bord Scannán na hÉireann/Irish Film Board initiative, was established to develop three television drama projects suitable for production as a single hour film in the Irish language, and the full production of one of these programmes.

Catalyst, a joint initiative of FÁS Screen Training Ireland (FÁS STI), Bord Scannán na hÉireann/the Irish Film Board and Film Base, in association with TV3, was launched in March. Screenwriters, producers and first time directors attended a series of master classes in micro budget film production. Three projects arising out of this initiative will go into production in Spring/Summer of 2008.

Splanc!, a series on contemporary literature in the Irish language, was co-funded by Bord na Leabhar Gaeilge (Irish Language Books' Board), TG4, and the BCI.

Féith is a co-production model consisting of a young adult drama series centering on the lives of a group of performing arts students at a college in Belfast. The initiative provided training opportunities while, at the same time, developing new talent and was broadcast over the past few months on TG4 and on BBCNI, under the title 'Seacht'.

Dramarama is an initiative for radio broadcasters and independent production companies, run in conjunction with BCI and Learning Waves. This Special Scheme will involve a series of 2 day workshops and a follow-up seminar on writing for radio, drama production, and applying to the *Sound & Vision* scheme. Dramarama will be launched in Spring 2008.



The Undertaking, Gravity Productions



Fear na nOileán, Lugh Films

Industry Relationships

Networking continued to be a major part of the work of *Sound & Vision* in 2007 and is important in establishing and maintaining relationships with key players and contributors. Developing relationships with the industry reflects the Commission's objectives, as reflected in its strategic plan, of operating in an open and flexible manner. Ongoing feedback from and liaison with stakeholders and applicants ensures that the Scheme's processes remain consistent and fair.

Executive staff attended and presented at numerous representative events across the country, including those run by Screen Producers Ireland (SPI), the community representative organisation CRAOL, the Independent Broadcasters of Ireland (IBI) and the newly formed Association of Independent Radio Producers of Ireland (AIRPI). In addition, post round meetings take place with the main broadcasters with a view to seeing the general trends in the industry and the contribution being made by the *Sound & Vision* scheme.

The IBEC Audio Visual Federation consists of IBEC member companies involved in Ireland's audiovisual industry. These include broadcasters, producers, animation studios, facilities and other organisations supporting the sector. The BCI has been a member of this group since late 2005 and is represented on the

Audio Visual Database Committee by a representative from the *Sound & Vision* team. This economic database is for the audiovisual sector in Ireland and results for any one year are published in an annual report. Input on funding allocated from Sound & Vision is included in the data and this gives a fuller picture of the growth and development within the sector and the BCI's role in facilitating this.

Other activities included participating in the assessment of applications to the Simon Cumbers Media Challenge Fund, administered by Connect World for Irish Aid. The BCI also provided sponsorship to a number of industry conferences and events throughout the year including the Galway Film Fleadh, the Guth Gafa Festival in Donegal and the Dublin International Film Festival.



www.bci.ie/broadcast_funding_scheme



Sound & Vision
Scéim Maoiniúcháin Craoltóireachta

Clár

Tuarascáil 2007	3
Teilifís	5
Raidió	11
Scéimeanna Speisialta	13
Caidrimh Tionscail	17



Tuarascáil 2007

Tháinig deireadh leis an dara bhliain iomlán de *Sound & Vision*, an Scéim Maoiniúcháin Craoltóireachta, i 2007. Tar éis dhá scéim maoiniúcháin don raidió agus don teilifís a oibriú le linn 2006, bhí go leor le foghlaim ón taithí a fuaireamar. Sa bhliain 2007 scaradh na babhtaí raidió agus teilifíse óna chéile, rud a chabhraigh leis an dtréimhse cinnteoireachta a thapú, chun tairbhe léiritheoirí agus craoltóirí araon.

Ó thaobh na n-iarratas de, bliain fíor-ghnóthach a bhí ann. Fógraíodh cinntí i leith trí bhabhta raidió agus dhá bhabhta teilifíse i 2007, agus táthar ag súil le cinneadh maidir le babhta 6 don teilifís go luath sa bhliain 2008. Fuarthas agus rinneadh measúnú ar 622 iarratas i rith na bliana agus rinneadh leithdháileadh de nach mór €21 milliún ar chlár raidió agus teilifíse a chlúdaigh téamaí ginearálta faoi chultúr, oidhreacht agus taithí na hÉireann; litearthacht d'aosaigh; agus clár dá réir i nGaeilge.

Tríd is tríd, ón uair gur bunaíodh an Scéim, rinneadh leithdháileadh maoiniúcháin de €46.2m chun 490 thionscnamh a léiriú, a chomhlíonann critéir na scéime. Tugann an tuarascáil seo léargas gairid ar an obair a rinneadh i 2007 agus bainistíocht á déanamh ar gach gné ar leith de *Sound & Vision*, An Scéim Maoiniúcháin Craoltóireachta.



Jack Doyle: A Legend Lost, Mint Productions

Teilifís

As an 252 iarratas teilifíse a fuarthas i 2007, bhí nach mór an tríú chuid acu do chlár Ghaeilge nó do chlár dhátheangacha, agus réimse leathan seánraí á gcuimsiú acu. Is ar chlár faisnéise a bhíonn an líon is mó iarratas i gcónaí agus is iad clár faisnéise staire is mó a bhíonn chun tosaigh laistigh den tseánra sin. I measc na leithdháiltí substaintiúla eile bhí drámaí/gnéchlár, clár siamsaíochta/iriseán, agus sraitheanna beochana agus drámaíochta.

Buaicphoinntí Maoiniúcháin

Ó thaobh an mhaoiniúcháin de, bhí roinnt tionscadal a bhí suntasach: ‘Ballybradden’, sraith beochana dhátheangach do pháistí; ‘An G-Scéal’, clár faoi stair na Gaeilge agus; ‘The Bureau’, próifil den Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla. I measc na léiriúcháin eile gur fiú trácht a dhéanamh orthu bhí ‘Winning Women’; próifil de mhná óga spóirt in Éirinn agus ‘Northside Focus’; sraith áitiúil ar stíl irischlár do Bhaile Átha Cliath.

Cuireadh tús i mbliana le ceithre phríomhscannán a léiriú a fuair maoiniú i 2007: ‘Kisses’, ‘Alarm’, ‘The Daisy Chain’ agus ‘Hunger’. Eiseofar na léiriúcháin sin do phictiúrlanna agus le haghaidh craolacháin le linn 2008.

Buaicphointí Craolacháin

I measc na mbuaicphointí craolacháin a tharla le linn 2007 bhí ‘The Running Mate’, sraith drámaíochta pholaitiúil Gaeilge, a ghnóthaigh go leor ainmniúcháin le haghaidh Gradam Scannáin agus Teilifíse na hÉireann (IFTA) 2008. Taispeánadh ‘Cré na Cille’, príomhscannán bunaithe ar úrscéal Mháirtín Uí Chadhain, don chéad uair ar TG4 ar Lá Fhéile Stiofáin 2007. Cuireadh tús leis an dara sraith de ‘Aifric’, dráma Gaeilge a bhfuil an-chlú air, le linn Fómhair na bliana 2007. Ghnóthaigh an chéad sraith den sobaldráma seo go leor gradam ag féilte éagsúla i rith na bliana ina measc IFTA don chlár is fearr do pháistí/daoine óga.

I measc na gcracolachán eile a bhí suntasach bhí an sraith beochana réamhscoile ‘Fluffy Gardens’; ‘Red Mist’, scannán faisnéise faoinar tharla d’Éire i Saipan agus; ‘Grassroots of the GAA’, sraith sé pháirt faoin mhealltacht áitiúil atá ag an eagraíocht CLG.

Féiltí & Gradaim

Taispeánadh mórán de na scannáin faisnéise a fuair maoiniú ó *Sound & Vision* ag príomh-fhéiltí scannán faisnéise Éireannacha in Éirinn, ina measc an fhéile ‘Guth Gafa’ i nDún na nGall agus an fhéile ‘Stranger than Fiction’ i mBaile Átha Cliath. Bhain an scannán faisnéise ealaíne ‘Ar Lorg Shorcha’; mar gheall ar shaol an amhránaí/scribhneora Sorcha Ní Ghuairim; an gradam amach do chlár teilifíse na bliana ag Oireachtas na Gaeilge, agus bhuaigh ‘Fear an Oileáin’ an gradam do Spiorad na Féile ag Féile na Meán Ceilteach. Bhí trí chlár faisnéise a fuair tacaíocht ó *Sound & Vision* mar chuid den snáithe ‘Arts Lives’ ar RTÉ i rith na bliana.

Eisíodh ceithre phríomhscannán a fuair tacaíocht ó *Sound & Vision* i 2007 agus bhuadar líon mór gradam ina dhiaidh sin. Toghadh ‘32A’; scannán faoi scéal theacht in aois chailín óig; mar an gCéad Phríomhscannán is Fearr ag Fleadh Scannán na Gaillimhe. Tá iliomad gradam idirnáisiúnta buaite ag ‘Garage’; scéal greanntraigeideach ina bhfuil Pat Shortt mar phríomhaisteoir agus atá suite i

mbaile beag lártíre; ina measc an Gradam CICAÉ ag an ‘Directors’ Fortnight’ i Cannes. Roghnaíodh “Kings”; scéal mar gheall ar ghrúpa Gaeilgeoirí ó Chonamara a chuaigh ar imirce go Londain, go hoifigiúil mar iarratasóir ar Ghradam Academy ag an 80ú Searmanas Academy sa chatagóir ‘Best Foreign Language Film’.

Maoiniú Teilifíse-fíricí agus figiúirí

Is iad cláir faisnéise i gcónaí an seánra teilifíse is mó éilimh. Le linn 2007 fuair cláir faisnéise leithdháileadh de nach mór 60% den mhaoiniú a bhí ar fáil, agus aghaidh á thabhairt ar théamaí a bhain le stair agus oidhreacht, ceol, na healaíona, beathaisnéis agus cultúr.

Ba ghné thábhachtach de chinntí maoiniúcháin na bliana 2007 an tacaíocht leanúnach a tugadh faoin scéim *Sound & Vision* chun cláir beochana a léiriú. Tuigeanann BCI go mbaineann costais atá go suntasach ard leis an tseánra seo agus bhí sé sásta maoiniú de €1.3m a thabhairt don tséanra. Gné eile a bhfuil fáilte roimpi is ea an méadú ar chlár bheochana a ghintear anois in Éirinn agus i nGaeilge chomh maith

Fuair earnáil na scannán tacaíocht láidir tríd an scéim agus fuair seacht gcinn de na cúig mholtaí déag a fuarthas i rith na bliana tacaíocht mhaoiniúcháin de bhreis is €2m; 15% den leithdháileadh iomlán thar dhá bhabhta, i 2007.

Ba chlár dhátheangacha nó cláir Ghaeilge iad 34% de na cláir teilifíse a fuair maoiniúchán, forbairt an-dearfach gur méadú é ar 2006 agus a chuireann le mealltacht na teanga trí chlár ar ard-chaighdeán a dhéanamh.

Forbairt spéisiúil le linn 2007 is ea an méadú leanúnach ar an líon craoltóirí atá ag teacht ar an gciste. Thug iomlán d’ocht gcrailtóir litreacha gealltanais i leith 100 clár ar tugadh tacaíocht maoiniúcháin dóibh. Tá, agus beidh, na cláir sin ar fáil do lucht féachana in Éirinn ar bhonn saorchraolta. Mórforbairt eile le linn 2007, ó thaobh an chraoltóra de, ab ea soláthar maoiniúcháin do sheirbhísí teilifíse pobail.

Tugadh tacaíocht do cheithre chlár déag ar dhá sheirbhís teilifíse pobail, agus cé nach raibh ceachtar den dá stáisiún fós ar an aer, chuir an maoiniú ar a gcumas cláir a dhéanamh, rud a chabhróidh leis an gcuid thábhachtach sin den earnáil teilifíse a fhorbairt.

Gné amháin den bhliain 2007 a bhí suntasach, agus ceann a bheidh difriúil go maith ó bhabhtaí maoiniúcháin amach anseo, is ea an fíor-leibhéal maoiniúcháin a leithdháileadh ar theilifís agus ar raidió. Ón uair gur bunaíodh an scéim bhí riaráiste ann maidir leis an maoiniú a bhí ar fáil, rud ba chúis leis na leibhéil arda maoiniúcháin a tugadh do líon mór iarratas i ngach babhta. Faoi dheireadh na bliana 2007 glanadh an riaráiste sin agus gan amhras beidh tionchar aige sin ar an leibhéal maoiniúcháin a bheidh ar fáil le haghaidh babhtaí amach anseo.

Tábla 1 – Maoiniú Teilifíse

Teilifís	Iarratais faighte	Maoiniú éilithe	Iarratais ar éirigh leo	Maoiniúchán a dámhadh
Babhta 3	131	€47.8m	45	€9.49m
Babhta 4	121	€34.7m	55	€8.7m
Iomlán	252	€82.5m	100	€18.19





Na Molly Maguires, Ikandi

Raidió

Bhí baint láidir leanúnach ag an dtionscal raidió leis an scéim le linn na bliana 2007 agus cuireadh isteach iomlán de 370 iarratas. As iomlán na dtionscadal a rinneadh maoiniú orthu ba chláir faisnéise 75% díobh. Go príomha, is de bharr a oiriúnacht do chuspóirí na scéime agus do sceidil na gcraoltóirí atá an t-éileamh ard a bhaineann leis an tseánra sin. Rinne drámaí raidió, cláir fhíriciúla agus cláir do pháistí an méid eile de na hiarratais a fuarthas. Go foriomlán, fuair léirithe raidió 13% den mhaoiniúchán iomlán a dámhadh i 2007.

Go ginearálta, is é 9:1 an cóimheas ar an meán idir mhaoiniú don teilifís agus don raidió. Tugann sé sin léargas ar na costais léiriúcháin sa dá earnáil agus tá baint aige leis na moltaí buiséid a fhaightear do thionscnaimh.

Buaicphointí agus Gradaim

Ghnóthaigh cláir a fuair maoiniú ón scéim léirmheasanna a bhí an-dearfach agus bhaineadar gradaim go leor i 2007. Fuair ‘From Heartache to Hope – The Story of the Jeanie Johnston’, a léirigh Radio Kerry, an duais don dráma raidió is fearr ag Gradaim Raidió PPI, agus fuair ‘The Glass: One Big Blow’, le WLR ainmniúchán i gcatagóir na glár faisnéise caint-bhunaithe. Craoladh ‘Home from Home’, tionscadal de chuid Sound Woman Productions, mar chuid d’Fhéile Ealaíona an Earagail i gContae Dhún na nGall.

Maoiniú Raidió – fíricí agus figiúirí

Cé gurb iad cláir fhaisnéise i gcónaí an seánra is mó a fuair maoiniú ó scéim *Sound & Vision* an BCI folaíonn na staitisticí an ilghnéitheacht clár laistigh de chatagóir na gclár faisnéise ina ndéantar freastal ar théamaí ilchineálacha ar nós na healaíona, an stair, an dúlra, ceol agus beathaisnéis.

Bhí méadú chomh maith maidir le cláir do pháistí i 2007, i gcomparáid le 2006, agus fuair ceithre chlár sa tseánra sin leithdháileadh de 5.2% den chiste iomlán. Ar an gcaoi chéanna, d'éirigh go maith le drámaí raidió agus úsáideadh 11.3% den chiste chun tacaíocht a thabhairt do 29 clár nua.

Ó thaobh an chraoltóra de, ghlac líon suntasach stáisiún tráchtála le maoiniú ón gciste ar leibhéal náisiúnta, réigiúnda agus áitiúil, chomh maith le stáisiúin pobail. B'ionann na craoltóirí sin agus 86% díobh siúd a thug litreacha gealltanais cláir a rinne **Sound & Vision** maoiniú orthu a chraoladh, agus b'iad craoltóirí seirbhíse poiblí agus craoltóirí eile an 14% a bhí fágtha.

Ceann de phríomh-riachtanais an Choimisiúin Eorpaigh i leith na scéime is ea go mbeadh 25% nó níos mó de na cláir a dhéantar maoiniú orthu i nGaeilge nó dháttheangach. Ríomhtar an céatadán sin ar feadh na bliana agus cuirtear raidió agus teilifís san áireamh. Ó thaobh an raidió de, bhí 13.7% de na cláir a rinneadh maoiniú orthu dháttheangach nó i nGaeilge.

Tabla 1 – Maoiniú Raidió

Raidió	Iarratais Faighte	Maoiniú a Éilíodh	Iarratais ar éirigh leo	Maoiniúchán a Dámhadh
Babhtha 3	137	€3.23m	75	€1.14m
Babhtha 4	116	€2.23m	70	€954k
Babhtha 5	117	€2.02m	60	€706k
Iomlán	370	€7.48m	205	€2.8m

Maoiniú le haghaidh Scéimeanna Speisialta

Déanann an Scéim Maoiniúcháin Craoltóireachta soláthar chomh maith do mhaoiniúchán le haghaidh Scéimeanna Speisialta, lasmuigh de ghnáth-bhabhtaí maoiniúcháin *Sound & Vision*. Tá maoiniúchán i gcomhair Scéimeanna Speisialta ar fáil ó Mheán Fómhar 2006 agus ní mór do thionscnaimh a fhaigheann maoiniú réimse cuspóirí a shásamh. Áirítear leo sin soláthar clár atá de réir bhunscéim *Sound & Vision*. Tá béim chomh maith ar naisc láidre a chruthú leis an earnáil craolacháin agus le gníomhaireachtaí seirbhíse poiblí eile agus forbairt an tionscail á chothú. Sprioc dheiridh a bhaineann le maoiniúchán le haghaidh Scéimeanna Speisialta is ea go mbíonn dóthain solúbthacht ann le freagairt thapaidh a dhéanamh ar riachtanais na hearnála craolacháin. Tá 5% d'iomlán chiste *Sound & Vision* ar fáil gach bliain chun tacaíocht a thabhairt do Scéimeanna Speisialta. Go dtí seo tá maoiniú faighte ag cúig scéim speisialta.

Bunaíodh **UAIR**, comh-thionscnamh idir TG4 agus Bord Scannán na hÉireann/ Irish Film Board, chun trí thionscadal dráma teilifíse a fhorbairt a bheadh oiriúnach i gcomhair léiriúcháin mar scannán aonair uair an chloig i nGaeilge, agus chun léiriú iomlán a dhéanamh ar cheann amháin de na scannáin sin.

Cuireadh tús le **Catalyst**, comhthionscnamh idir FÁS Screen Training Ireland (FÁS STI), Bord Scannán na hÉireann/the Irish Film Board agus Film Base, i gcomhpháirt le TV3, i Mí Márta. D'fhreastal scríbhneoirí scannán, léiritheoirí agus stiúrthóirí céaduaire ar shraith mháistir-ranganna mar gheall ar léiriú scannán ar mhicreabhuiséad. Cuirfear tús le thrí thionscadal a léiriú a tháinig as an dtionscnamh seo in Earrach/Samhradh na bliana 2008.

Rinne Bord na Leabhar Gaeilge, TG4 agus BCI cómhaoiniú ar **Splanc!** sraith faoi litríocht chomhaimseartha i nGaeilge.

Múnla comhléirithe is ea **Féith**. Sraith drámaíochta d'aoisigh óga faoi shaoil ghrúpa de mhic léinn taibh-ealaíona i gcoláiste i mBéal Feirste atá i gceist. Chuir an tionscnamh deiseanna oiliúna ar fáil, agus ag an am gcéanna, rinneadh forbairt ar thalann nua. Craoladh an sraith le linn roinnt míonna le déanaí ar TG4 agus ar BBCNI, leis an dteideal 'Seacht'.

Tionscnamh do chraoltóirí raidió agus do chuideachtaí neamhspleácha léiriúcháin is ea **Dramarama**, a bheidh á reáchtáil i gcomhpháirt le BCI agus Learning Waves. Sraith ceardlann 2 lá agus seimineár leantach faoi scríbhneoireacht don raidió, léiriú drámaí agus conas iarratas a dhéanamh don scéim *Sound & Vision* a bheidh i gceist leis an scéim speisialta seo. Seolfar Dramarama in Earrach na bliana 2008.





Caidrimh Tionscail

Bhí an líonrú ina phríomhchuid i gcónaí de *Sound & Vision* i 2007 agus tá tábhacht áirithe ag baint leis chun caidreamh a bhunú agus a chothú le príomh-rannpháirtithe agus le páirtithe eile. Léiríonn forbairt caidrimh leis an dtionscal cuspóirí an Choimisiúin, oibriú ar bhealach atá oscailte agus solúbtha mar atá léirithe ina Phlean Straitéiseach. Cinntíonn aiseolas leanúnach ó gheallsealbhóirí agus ó iarratasóirí agus an teagmháil a déantar leo go bhfanann próisis na scéime comhsheasmhach agus cothrom.

D'fhreastail foireann fheidhmeannais ar roinnt mhaith imeachtaí ionadaíocha ar fud na tíre ina measc imeachtaí a bhí faoi stiúir Screen Producers Ireland (SPI), an eagraíocht ionadaíoch pobail CRAOL, Craoltóirí Neamhspleácha na hÉireann (IBI) agus an eagraíocht nua-bhunaithe Association of Independent Radio Producers of Ireland (AIRPI) agus rinneadar cur i láthair ag na himeachtaí sin. Ina theannta sin tionóltar cruinnithe iar-bhabhta leis na príomh-chraoltóirí d'fhonn na treochtaí ginearálta sa tionscal agus an cion tairbhe atá á dhéanamh ag an scéim *Sound & Vision* a fheiceáil.

Is é atá i gCónaidhm Closamhairc IBEC (The IBEC Audio Visual Federation) ná ballchuideachtaí IBEC a bhfuil baint acu leis an dtionscal closamhairc in Éirinn.

Áirítear leo sin craoltóirí, léiritheoirí, stiúideoanna beochana, áiseanna agus eagraíochtaí eile a thugann tacaíocht don earnáil. Tá BCI ina bhall den ghrúpa seo ó dheireadh na bliana 2005 agus bíonn ionadaí ó fhoireann Sound & Vision ag BCI ar an gCoiste Bhunachar Closamhairc (Audio Visual Database Committee) chun ionadaíocht a dhéanamh ar a shon. Is don earnáil closamhairc in Éirinn atá an bunachar eacnamaíoch seo agus foilsítear torthaí d'aon bhliain ar leith i dtuarascáil bhliantúil. Áirítear inchur maoiniúcháin a leithdháiltear ó Sound & Vision sna sonraí, agus tugann sé sin pictiúr níos iomláine den bhfás agus den bhforbairt laistigh den earnáil agus an ról atá ag BCI maidir leis an méid sin a éascú.

I measc gníomhaíochtaí eile bhí rannpháirtíocht i measúnú a dhéanamh ar iarratais i leith an Simon Cumbers Media Challenge Fund, a bhíonn á riaradh ag Connect World do Chúnamh Éireann. Chuir an scéim urraíocht ar fáil chomh maith do líon áirithe comhdhálacha tionscail agus imeachtaí i rith na bliana, ina measc Fleadh Scannán na Gaillimhe, an fhéile Guth Gafa i nDún na nGall agus Féile Idirnáisiúnta Scannán Bhaile Átha Cliath.

